Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2015

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
**(Le hÁireamhán)**
Bonnsraith

*GMT52*

**[GMT52]**

**DÉ MÁIRT 26 BEALTAINE, 3.00pm–4.00pm**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**


Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit do fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scriobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**
Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheasúnú sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **4** agus **10**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



**1** Ba mhaith le bainisteoir éidí nua a cheannach don 30 oibrí aige.
Tá costas £8.15 ar léine agus tá costas £19.95 ar bhríste.

**(a)** Déan **meastachán** ar chostas iomlán na n-éidí.
**Taispeáin gach céim de do chuid oibre go soiléir.**

Freagra £ ______________ [2]

**(b)** Gan áireamh ar bith eile a dhéanamh, déan cinneadh ar cé acu beidh do mheastachán ina mheastachán ró-ard nó ró-íseal den chostas bheacht.
**Mínigh do chuid réasúnaithe go soiléir.**


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**


**2** **(a)** Cá mhéad líne shiméadrachta atá ag gach léaráid?

**(i)**




Freagra ..........

**(ii)**



Freagra ..........


**(iii)**



Freagra ..........

[3]


**(b)** Comhlánaigh an léaráid sa dóigh gur línte siméadrachta iad an dá ais.




[3]


**(c)** Scríobh ord na siméadrachta rothlaí do gach cruth thíos.

**(i)**




Freagra ______ [1]

**(ii)**




Freagra ______ [1]

**(iii)**



Freagra ______ [1]

**3**



Rothlaíonn Sara rothlóir cothrom (neamhchlaonta) a bhfuil roinnt cruthanna tarraingthe air.

Cad é an dóchúlacht go bhfaighidh Sara cruth

**(a)** a bhfuil 4 shlios air, Freagra __________ [1]

**(b)** a bhfuil níos lú ná 3 shlios air, Freagra __________ [1]

**(c)** a bhfuil níos lú ná 4 shlios air? Freagra __________ [1]

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**4** Coinníonn Len peitreal don lomaire léana aige i gcanna 5 lítear.
Tá 1 ghalún de pheitreal ag Gary i gcanna eile.
Tosaíonn Gary ag doirteadh a chuid peitril isteach i gcanna folamh Len.
An mbeidh Gary ábalta a chuid peitril uilig a dhoirteadh isteach i gcanna Len?

Úsáid 50 lítear = 11 ghalún

**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**


[3]

**5** Tá costas £3.25 an cileagram ar fhíonchaora.
Ríomh costas punt amháin (1 lb) de na fíonchaora.

Freagra £ ______________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**6** Is comhlacht carranna ar cíos é Gluaisteáin Ghleoite.
Taispeánann an graf an dóigh a ríomhtar an costas cíosa.




**(a)** Fuair Martha carr ar cíos. Bá é £52 an costas cíosa nuair a tháinig sí ar ais.
Bain úsáid as an ghraf leis an líon mílte a thaistil Martha a fháil.

Freagra ____________ míle [1]

Tá táille sheasta chomh maith le táille don líon mílte atá taistealta ($m$) sa chostas cíosa ($H$).

**(b)** **(i)** Cá mhéad airgid atá ar an táille sheasta?

Freagra £ ________________ [1]

**(ii)** Cá mhéad airgid atá ar an táille sa mhíle?

Freagra ________________ [2]

**(iii)** Uaidh sin scríobh foirmle don chostas cíosa $H$ i dtéarmaí an líon mílte atá taistealta $m$.

Freagra ________________________________ [2]

**7** **(a)** Scríobh 3.55 ceart go dtí 1 ionad de dheachúlacha.

Freagra ______________ [1]

**(b)** Scríobh digit i ngach bosca thíos sa dóigh nuair a shlánaítear an uimhir go dtí 2 ionad de dheachúlacha gurb é 4.70 an uimhir.


☐ • ☐ ☐ 8

[1]

**(c)** Scríobh slánuimhir nach bhfuil náid ar bith inti a thabharfadh 5600 nuair a dhéanfaí í a shlánú go dtí 2 fhigiúr bhunúsacha.

Freagra ______________ [1]

**8**




Níl na léaráidí seo tarraingthe de réir scála.
Tá achar na dronuilleoige ceithre huaire níos mó ná achar an triantáin.
Ríomh fad na dronuilleoige.

Freagra ______________ cm [4]

[Tiontaigh an leathanach

**9** Tá tairní a bhfuil cúig fhad dhifriúla orthu i bpróca ag Bobby an tógálaí.

An dóchúlacht go bhfuil fad áirithe ar thairne, tugtar sa tábla í.

| Fad (mm) | 20 | 24 | 30 | 36 | 44 |
|---|---|---|---|---|---|
| Dóchúlacht | 0.15 | | 0.2 | 0.25 | 0.35 |

**(a)** Cad é an dóchúlacht go bhfuil tairne 24 mm ar fad?

Freagra ____________________ [2]


Tá 60 tairne sa phróca.


**(b)** Cá mhéad tairne atá níos faide ná 30 mm?

Freagra ____________________ [3]

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

**10**




Taispeánann na graif an dóigh a gcomhlánaíonn dhá thraein turas 400 km.

Cé acu traein A nó B a bhfuil an meánluas is mó aici?

Mínigh do fhreagra go soiléir.

Traein ______ mar ____________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

[3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**11** Réitigh $4n + 3 > 28$

Freagra ____________________ [2]

**12**

| **Torthaí** | | **Glasraí** | |
|---|---|---|---|
| Úll | 45p | Cairéid | 35p an 100 g |
| Oráiste | 30p | Piseanna | 75p an 100 g |
| Banana | 25p | Pónairí | 40p an 100 g |

Is ionann sciar agus píosa toraidh amháin nó 100g de ghlasraí.

Itheann Fiona 5 sciar san iomlán de thorthaí agus glasraí gach lá.
Tá uasmhéid airgid de £12 sa tseachtain ag Fiona le caitheamh ar thorthaí agus glasraí.
Ceannaíonn sí dhá chineál dhifriúla torthaí ar a laghad agus dhá chineál dhifriúla glasraí ar a laghad.

Bain úsáid as na praghsanna thuas le dóigh **amháin** a thaispeáint faoi choinne torthaí agus glasraí a cheannach a fhágann go bhfuil go leor aici don tseachtain.

**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**

Freagra ______________________________________________ [5]

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.